II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/102 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Eanáir 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 a mhéid a bhaineann le hiarrataí ó na Ballstáit ar chabhair ón Aontas

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 25, an chéad mhír, pointe (d), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 ón gCoimisiún ([2]), na Ballstáit ar mian leo a bheith rannpháirteach i scéim chabhrach an Aontais chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachais (an scéim scoile), tá siad lena n-iarraidh ar chabhair ón Aontas a bhaineann leis an gcéad scoilbhliain eile a chur faoi bhráid an Choimisiún faoin 31 Eanáir. I gcomhréir leis an bhforáil sin, in iarrataí na mBallstát ar chabhair ón Aontas, áireofar faisnéis maidir le leithdháileadh táscach na cabhrach ón Aontas le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 1370/2013 ón gComhairle ([3]). San Iarscríbhinn sin leagtar amach leithdháiltí táscacha bliantúla na cabhrach ón Aontas in aghaidh an Bhallstáit le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2017 go dtí an 31 Iúil 2023

(2) I gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE) 1370/2013, ón 1 Lúnasa 2023, socróidh an Coimisiún leithdháileadh táscach bliantúil na cabhrach ón Aontas, in aghaidh an Bhallstáit, le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/106 ón gCoimisiún ([4]), socraítear na leithdháiltí táscacha bliantúla le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2023 go dtí an 31 Iúil 2029. Dá bhrí sin, an tagairt in Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 do leithdháiltí táscacha na cabhrach ón Aontas in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 1370/2013, ba cheart í a leasú dá réir.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2016 maidir le rialacha i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cabhair ón Aontas chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachais (IO L 5, 10.1.2017, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1370/2013 ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 lena gcinntear bearta maidir le cabhair agus aisíocaíochtaí áirithe a shocrú a bhaineann le comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta (IO L 346, 20.12.2013, lch. 12.).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/106 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2023 lena socraítear leithdháiltí táscacha na cabhrach ón Aontas ar na Ballstáit le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2023 go dtí an 31 Iúil 2029 (féach leathanach 84 den Iris Oifigiúil seo).

(3) Chun gur féidir leis na Ballstáit a n-iarraidh bhliantúil ar chabhair ón Aontas a bhaineann leis an scoilbhliain a chur isteach le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2023 go dtí an 31 Iúil 2024 faoi sprioc-am an 31 Eanáir 2023 a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 3, an chéad mhír, pointe (a), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

"(i) leithdháileadh táscach na cabhrach le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/106 ón gCoimisiún (*);

_____

(*) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/106 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2023 lena socraítear leithdháiltí táscacha na cabhrach ón Aontas ar na Ballstáit le haghaidh torthaí agus glasraí do scoileanna agus le haghaidh bainne do scoileanna le haghaidh na tréimhse ón 1 Lúnasa 2023 go dtí an 31 Iúil 2029 (IO L 12, 13.1.2023, lch. 84).".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN